

An Bord Seirbhísí Cónaithe Speisialta Tuarascáil Bhliantúil 2004



	Leathanach
Ráiteas an Chathaoirligh	2
Tuarascáil an Príomhfheidhmeannaigh	3
Achoimre Fheidhmiúcháin	5
Feidhmeanna an Bhoird	6
Straitéis agus Polasáí	8
Cláir agus Traenáil	10
Caighdeán, Eolas agus Taighde	12
Cúram Speisialta agus úsáid Aonaid Ard-Tacaíochta	14
Ag comhoibriú leis na Cúirteanna	16
Cumarsáidí agus Seimineáir	19
Ráiteas Airgeadais	22
Foireann Fheidhmiúcháin	24

Ráiteas an Chathaoirligh

Cuireadh Bord na Seirbhísí Cónaithe Speisialta ar bhonn reachtúil ar tosú Chuid 11 de Acht na Leanaí, 2001 ar 7ú Samhain 2003. Tá sé mar shult mór dom mar Chathaoirleach an Bhoird, an chéad tuarascáil bhliantúil a chur i láthair, mar atá molta faoi alt 242(i) de Acht na Leanaí, 2001, don Aire Sláinte agus Leanaí agus don Aire Oideachas agus Eolaíochta.

Clúdaíonn an chéad tuarascáil bhliantúil an tréimhse ó bhunú an Bhoird ar 7ú Samhain 2003 go 31ú Nollag 2004. Clúdóidh tuarascálacha sa todhchaí an bhliain fhéilire m.sh. 1ú Eanáir go 31ú Nollaig.

Ina chéad bhliain i bhfeidhm, d'earcaigh agus thraenáil an Bord a phríomh fhoireann. I rith na tréimhse, d'fhorbair an Bord a phrótacal oibre do imoibriú leis na Cúirteanna agus na gníomhaireachtaí reachtúla atá páirteach i socrúchán cónaitheach a sholáthar do leanaí i scoileanna coinneála leanaí agus aonaid chúraim speisialta.

D'éirigh an Dr. Bill Lockhart, OBE as a phost ar an mBord in Iúil 2004, chun post nua a ghlacadh mar Phríomhfheidhmeannach, Youth Justice Agency, Northern Ireland. Ar son an Bord, ba mhaith liom a chur in iúl ranníocaíocht fíorluachmhar agus tiomantas an Dr. Lockhart i rith na tréimhse eatramhaigh agus reachtúil de shaol an Bhoird.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil as ucht an obair déanta ag baill an Bhoird, an Príomhfheidhmeannach agus a fhoireann i rith na tréimhse faoi athbhreithniú.

Is mo phribhléid é an tuarascáil seo a sholáthar do na hAirí.



Maureen Lynott
Cathaoirleach

30ú Meitheamh 2005

Tuarascáil an Príomhfheidhmeannaigh



Tá áthas orm an chéad Tuarascáil Bhliantúil de Bhord na Seirbhísí Cónaithe Speisialta a chur i láthair. Cuireadh an Bord ar bhonn reachtúil ar 7ú Samhain 2003. Bhí mé ceaptha mar Phríomhfheidhmeannach ar

11ú Samhain 2003. Leagann an tuarascáil amach na cuspóirí agus na héachtaí ón dáta tosaigh go deireadh 2004.

Ag leanúint ar réiteach na Roinne Airgeadais agus formheas na nAirí Sláinte agus Leanaí, Oideachais agus Eolaíochta, d'earcaigh an Bord a phríomh fhoireann le cúlraí leathana agus éagsúla chun tarchuir dlíthiúil an bhoird a chomhlíonadh. Go dtí seo, d'earcaíodh foireann de 12 agus tá sé ar intinn níos mó earcaíochta a dhéanamh i 2005, a thabharfaidh líon iomlán na foirne formheasta go 22.

Ciallaíonn an próiseas earcaíochta seo go bhfuil príomh fhoireann an Bhoird ar fáil anois ar bhonn laethúil do na cúirteanna chun socrúcháin oiriúnacha a aithint chun leanaí a choinneáil i scoileanna coinneála leanaí. Tá sé mar phrionsabal bunúsach den Bhord nach bhfuil leanbh a chur faoi choinneáil pléite ach amháin mar bheart deireanach agus ba chóir go mbeadh sé ar feadh an am is lú is féidir.

Ag leibhéal náisiúnta, bliain tábhachtach a bhí ann i ról agus feidhmeanna an Bhoird a chur in iúl, don tSeirbhís Chúirteanna agus do ghníomhaireachtaí eile sa Stát. Bhí na naisc leis na cúirteanna dearfach i dtéarmaí an chomhairle iarrtha agus maidir le socrúcháin oiriúnacha a aithint do leanaí i gcúig scoil coinneála leanaí. I rith 2004, bhí an leanbh tipiciúil athchurtha nó coinnithe ag na cúirteanna i scoileanna coinneála d'aois 15 bliain, le coireanna ag dul ó ghoid go hionsaí.

Chruthaigh an córas ar-ghlao SRSB 24/7 tosaithe i 2004, éifeachtach i socrúcháin a chomhordú agus sholáthar sa chúig scoil coinneála leanaí¹, agus i gcinntiú go bhfuil leanaí curtha i socrúcháin chuí sna scoileanna seo.

Chomh maith le seo, tá an áis ar fáil do trí aonad cúraim speisialta, nuair is gá. Tá an córas ar-ghlao úsáidte ag an Seirbhís Chúirteanna agus príomh ghníomhaireachtaí eile atá páirteach in Acht na Leanaí 2001 a sheachadadh.

Thug an Bord tacaíocht d'fhoráil eile in ionad coinneáil do leanaí le deacrachtaí. Ó thosaigh Acht na Leanaí 2001, tá líon na socrúcháin de leanaí faoi aois a 16 i scoileanna coinneála ag laghdú. B'fhéidir go féidir é seo a chur i leith roinnt fachtóirí áirithe ar nós idirghabhála an Bhoird, comhoibriú idirghníomhaireachta feabhsaithe agus réim na seirbhísí agus na tacaíochtaí atá ar fáil anois sa chomhphobal chun tacaíocht a thabhairt do leanaí agus clanna.

Tá roinnt mhaith leanaí, fiú más beag iad, mar chúis imní don Bhord, atá rangaithe mar chásanna leasa ach atá coinnithe ar feadh tréimhsí gearra i scoileanna coinneála leanaí, faoi orduithe Ard-Chúirte. Tá sé seo do chúiseanna sábháilteachta go príomha, toisc nach bhfuil socrúcháin láithreach ar fáil i láthair cónaithe speisialta eile. Ba chóir nach mbeadh gá dá leithéid de shocrúcháin a thuilleadh i ndiaidh d'orduithe cúraim speisialta eatramhacha a bheith tugtha isteach (faoi alt 23 (C) (curtha isteach ag alt 16) den Acht 1991). Rinne an Bord monatóireacht ar chásanna sainiúla tríd an Ard-Chúirt i 2004, ionas go bhfuil coinneáil ar feadh an tréimhse is lú féideartha agus go bhfuil na seirbhísí riachtanacha curtha ar fáil ó chóras ceartais na n-óg. Is é leas an Bhoird sna cásanna seo go príomha ná go ndéileálfar go tapa leo ó thaobh leasa na leanaí atá i gceist.

Is cúis imní don Bhord é nach bhfuil áiseanna fireann/baineann ar leith ar fáil nó ar bun do leanaí idir aois 16 agus 18 mar a bhí ar intinn in Acht na Leanaí 2001. Go háirithe, níl foráil déanta do mhná idir na haoise seo i dtéarmaí áiseanna coinneála. Rud eile de, maidir le leanaí faoi aois 16, b'fhéidir go mbeadh tamaill mhaith imithe sula mbeidh scoileanna lán-fheidhmeacha le háiseanna ar léith ann do leanaí athchurtha agus cimithe mar a bhí ar intinn i gCuid 10 den Acht. Ag tabhairt na nithe seo faoi deara, agus rudaí eile, níl freastal déanta ar leasanna na leanaí go hiomlán i gcónaí.

¹ Tá tagairt do scoileanna coinneála leanaí le fáil faoi Chuid 10 d'Acht na Leanaí 2001, ach níl sé tosaithe fós. Tá na scoileanna seo ainmnithe mar Scoileanna Ceartúcháin nó Tionsclaíocha faoi Acht na Leanaí 1908.

Maidir le bonneagar, tá imní ar an mBord faoi Champas Lusca (ag cuimsiú trí scoil coinneála leanaí). Tá foirgnimh áirithe as dáta agus níl siad oiriúnach do chuspóirí socrúcháin don seachadadh éifeachtach de sheirbhísí do leanaí. Tá Campas nua beartaithe ag cuimsiú 88 leaba, ag tabhairt faoi deara na riachtanais faoi Acht na Leanáí 2001 agus an éileamh dóchúil sa todhchaí. Ach tógfaidh aon fhorbairt am, áfach, chun bogadh trí phleanáil, bhuiséad agus phróiseas tógála.

Tá sé mar chúis imní don Bhord nach bhfuil aon chigireacht neamhspleách i bhfeidhm do scoileanna coinneála leanaí faoi láthair. Faoi Chuid 10 de Acht na Leanáí 2001 tá foráil do Chigire i gcóir scoileanna coinneála leanaí atá fós le chur i bhfeidhm.

I rith 2004, dhún Teach Coovagh, Aonad Cúraim Speisialta, Luimneach de bharr easpa foirne. Laghdaigh sé seo líon na socrúcháin leapa faoi chúig do bhuachaillí faoi aois 18. Tá monatóireacht á dhéanamh ag an mBord ar an úsáid d'áiseanna cúraim sábhála lena chinntiú go bhfuil riachtanais agus éilimh leanúnacha á chomhlíonadh d'áiseanna dá leithéid.

Príomh fheidhm Bhord na Seirbhísí Cónaithe Speisialta ná staitisticí agus sonraí eile a bhailiú, a chóiméad, a mheas agus taighde a dhéanamh ar leanaí a athchur agus choinneáil. Bailítear agus déantar anailís ar staitisticí míosúla lena cinntiú go bhfuil spásanna in úsáid i gceart agus go héifeachtach.

I rith tréimhse na tuarascála seo, thuairiscigh an tIonad do Thaighde Sóisialta agus Oideachais ar "*The Impact of Placements in Special Care Unit settings on the wellbeing of Young People and their Families*" agus tharraingt sé aird ar an riachtanas de sheirbhísí iarchúraim do leanaí a bheith forbartha agus i bhfeidhm go hiomlán (ceaptha mar gan smacht/neamh-chiontach) sna haonaid speisialta.

Bhí scrúdú á dhéanamh ag an mBord, go gníomhach, ar chleachtais chúraim speisialta sna tíortha AE chomh maith le líonra teagmhála a thógáil sa bhaile agus thar lear lena chinntiú go ndéantar an dea-chleachtas a fhorbairt agus a ghlacadh do leanaí le deacrachtaí.

Tá feidhm taighde an Bhoird ag dul chun cinn agus beidh sé mar phríomh ghné de obair an Bhoird sa todhchaí.

I rith tréimhse na tuarascála seo níl Acht na Leanáí 2001, tosaithe in iomlán fós [iomlán de 13 Cuid] agus b'fhéidir go dtógfaidh sé cúpla bliain sula mbeidh sé i bhfeidhm go hiomlán. Fanann an neamh-fheidhmiú de choda áirithe den Acht mar chúis imní don Bhord. Ar chóimheá thosaigh codanna breise den Acht 2001 i rith 2004 áfach, agus mar thoradh tá seirbhís fheabhsaithe do leanaí, trí roghanna breise ar fáil do na cúirteanna agus feabhsú i gcomhoibriú idirghníomhaireachta. Tá an Bord ag tnúth leis an gcur i bhfeidhm iomlán den Acht sa todhchaí.

Níor thosaigh rochtain dlíthiúil ar thuarascálacha cúirte mar a bhí ar intinn faoi ailt 103 agus 104 d'Acht na Leanáí 2001, agus fanann sé mar ábhar tábhachtach do ról dlíthiúil an Bhoird i comhairle iomlán agus idirchaidreamh leis na cúirteanna a chur i bhfeidhm.

Ba mhaith leis an mBord an obair phroifisiúnta atá a dhéanamh ag foireann chúraim agus múinteoirí i scoileanna coinneála leanaí, aonaid chúraim speisialta agus aonaid ard-tacaíochta i soláthar seirbhísí mianacha agus cosaint do leanaí i dtimpeallacht dúshlánach, a aithint.

Tá an Bord ag súil le forbairt eile ar an ról bunaithe ar fheidhmeanna iomlán an Bhoird agus ar eitic Acht na Leanáí, i 2005.

Ba mhaith liom críochnú trí mo bhuíochas a ghabháil le baill an Bhoird agus le gach ball de fhoireann an Bhoird as ucht a dtiomantas agus dícheallaí lán-chroíúil ina aidhmeanna a leanúint.



Roger Killeen
Príomhfheidhmeannach

30ú Meitheamh 2005

- Tharla an earcaíocht tosaigh de 12 ball foirne i rith 2004, agus bhain planáil agus eagrú struchtúr na oifig leis chun cabhair a sholáthar go dtí na Cúirt na Leanaí.
- Tá an córas ar-ghlao 24/7 i bhfeidhm ó Bhealtaine 2004 agus chruthaigh sé feidhmiúil agus éifeachtach i gcomhordú agus seirbhísí a sheachadadh do leanaí curtha i scoileanna coinneála leanaí ag na cúirteanna.
- Bheartaigh an SRSB agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte critéar chúraim speisialta chun an úsáid is fearr d'aonaid chúraim speisialta a réiteach.
- Bhunaigh an SRSB córas riarthach inmheánach chun ról chomhairle an Bhoird a réiteach faoi a. 23A (2) (b) (curtha isteach ag s. 16) den Acht 1991, i bpróiseáil iarratais chúraim speisialta, tógtha ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.
- Chríochnaigh obair ullmhúchán ar fhorbairt an straitéis trí-bhlíana den SRSB don tréimhse 2005-2007.
- Bhunaíodh líonraí SRSB, le tras-rannóg de cleachtóirí agus bainistíocht sa rannóg chúraim cónaithe leathan a buaileann le chéile dhá uair sa bhliain chun téamaí de suim tras-rannóga a phlé.
- Iniúch de cláir sna scoileanna coinneála leanaí agus aonaid chúraim speisialta is ea céim tosaigh ag tógáil faoi deara an fhorbairt oideachas, cultúr, teangacha, chúram leanaí agus cláir eile i gcóir leanaí, riachtanas traenála foirne agus riachtanas bonneagair.
- Bhí an SRSB bainteach le scoileanna coinneála leanaí agus an Roinn Oideachais agus Eolaíochta i bplean gníomhaíochta a ullmhú ar thógáil clár chun grád an Campas Lusca a ardú [Cailíní Oberstown & Buachaillí Oberstown, Teach na Tríonóide]. Tógann an phlean seo riachtanais bonneagar atá ann faoi láthair, an meascán spásanna atá riachtanach dul ar aghaidh agus athrú iomlán smaoinithe ó tosú Cuid 10 de Acht na Leanaí 2001, faoi deara.
- I rith 2004, choimisiúnaigh an SRSB taighde ar "Review of Admission Criteria and Processes for Special Care". Beidh an tuairisc ar fáil sa dara chuid de 2005. Soláthróidh na torthaí níos mó tráchtairacht ar an éileamh iomlán i gcóir agus an éifeachtach de chúram speisialta mar láthar cónaithe diongbháilte. Comhlánóidh sé seo tuairisc críochnaithe níos luaithe (2004) ag an Láthar i gcóir Taighde Oideachas agus Sóisialta ar an "*Impact of placement in Special Care Unit settings on the Wellbeing of Young People and their Families*".
- I 2004, bheartaigh an Bhoird ar cistíocht i gcóir cúrsaí tar éis céime ag leibhéal Máistreacht agus Dochtúireacht, i ábhair chúram cónaithe speisialta i gcóir leanaí. Beidh na páirtíochta fógartha go luath i 2005 i gcóir cúrsaí ag tosú sa pháirt deireanach den bhliain.
- Tharlaíodh misean go dtí an tSualainn agus na Stáit Aontaithe, chun an cleachta idirnáisiúnta is fearr a haithint san ábhar chúram cónaithe speisialta. Chruthaigh gach cuairt foghlaim tairbheach i dtéarmaí scrúdú an dá córais, na cuspaí agus cláir. D'eagraíodh ar cuairteanna cómhálartach go hÉireann i rith 2005.
- Idirchaidrimh agus chomhairligh an SRSB na Cúirteanna mar iarrtar ar rogha cásanna ag baint le leanaí, go háirithe iad faoi 16. Chruthaigh méid idirghabháil dearfach i dtéarmaí an cúirt ag ceadú roghanna seachas coinneáil.
- Rinneadh monatóireacht ar cúpla cásanna roimh an Ard-Chúirt chun comhoibriú idir-gníomhaireacht agus comhordú seirbhísí a chinntiú agus roghanna cúram oiriúnacha eile a haithint.
- I rith 2004, d'eagraigh an SRSB chomhdháil náisiúnta de teideal "*Education in Care*" le rinne cainteoirí náisiúnta agus idir-náisiúnta toirbheartais tábhachtach ar ábhair le suim riachtanach do eagraíochtaí ag soláthar seirbhísí oideachas breise go leanaí i láthair cónaithe.
- Tháirgeadh an SRSB dhá bulletins tábhachtach i 2004 ag déileáil le ábhair éagsúla ar nós comhdhála clainne agus tuairisc ar an chomhdháil "*Education in Care*".
- Tá cainteanna á leanúint leis an Seirbhís Leasa agus Promhaidh, chun meamram tuiscint a fhorbairt idir na eagraíochtaí araon, chun na príomh tionóntaí de Acht na Leanaí 2001 a chothú agus chun comhoibriú idirghníomhaireachta a mhéadú.

Feidhmeanna an Bhoird

Tá Feidhmeanna an Bhoird san áireamh in alt 227 de Act na Leanaí 2001.

De réir an ailt seo, tá ar an mBord comhairle a thabhairt do Airí ar pholasaí a bhaineann le leanaí a athchur agus a choinneáil lena chinntiú go seachadtar seirbhísí dóibh i mbealach feidhmiúil, éifeachtach, agus comhordaithe do leanaí a bhfuil orduithe coinneála linbh nó orduithe cúraim speisialta déanta ina leith. D'fhéadfaí sainchúram dlí an Bhoird a rangú faoi chúig phríomh limistéar mar seo a leanas:

- (1) Comhairle a chur ar na hAirí i dtaobh ceisteanna polasaí.
- (2) Idirchaidreamh le agus comhairle a chur ar na cúirteanna, ar iarraidh, faoi shocrúcháin chuí do leanaí ciontacha agus neamh-chiontacha. Ag tabhairt dearcaidh an Bhoird chuig na cúirteanna i dtaobh iarratais ar chúram speisialta.
- (3) Ag cabhrú chun na cláir riachtanacha a fhorbairt, taighde a dhéanamh, staitisticí a bhailiú agus a mheas, chun eolas a thabhairt do pholasaí.
- (4) Seimineáir agus comhdhálacha a eagrú chun comhoibriú gníomhaireachta a chur chun cinn agus dea-chleachtas a úsáid.
- (5) Seimineáir agus comhdhálacha a eagrú chun comhoibriú gníomhaireachta a chur chun cinn agus dea-chleachtas a úsáid.

Tá formhór na leanaí atá faoi chúram an SRSB faoi bhun aois 16 faoi láthair. Tugann an Bord comhairle don Aire Stáit le freagracht speisialta as leanaí ag an Roinn Sláinte agus Leanaí, an Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí.

Baill an Bhoird.

Maureen Lynott Uasal, Cathaoirleach [saineolaí i gcúram leanaí] *Comhairleoir Bainistíochta*

An Dr. Helen Buckley [saineolaí i gcúram leanaí] *Léachtóir Sinsearach, Coláiste na Tríonóide*

An Dr. Bill Lockhart OBE [saineolaí i gcúram leanaí] – a d'éirigh as an mBord in Iúil 2004 *Iar-Phríomhfheidhmeannach, Eachtrach*

An tUasal Ger Crowley [ionadaí phríomh oifigigh feidhmiúcháin na mbord sláinte] *POF Cúnta, Bord Sláinte an Mheán-Iarthair.*

An tUasal Aidan Browne [ionadaí phríomh oifigigh feidhmiúcháin na mbord sláinte]

POF Cúnta, Bord Sláinte an Iarthuaiscirt.

Anne Wall Uasal [ionadaí phríomh oifigigh feidhmiúcháin na mbord sláinte]

Stiúrthóir, Aonad Ard-tacaíochta Crannog Nua

An tUasal Michael Donnellan [ionadaí do na scoileanna coinneála leanaí] *Stiúrthóir, Teach na Tríonóide*

Patricia Flynn Uasal [ionadaí do na scoileanna coinneála leanaí] *Stiúrthóir, Ionad Cailíní Oberstown*

An tUasal Liam Hickey [ionadaí do na scoileanna coinneála leanaí] *Stiúrthóir, Scoil Iosaif Naofa, Cluain Meala*

Lee MacCurtain Uasal [thar ceann riachtanais oideachais leanaí faoi choinneáil] *Stiúrthóir, Seirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais.*

An tUasal Michael Travers [thar ceann riachtanais oideachais leanaí faoi choinneáil] *Cigire Sinsearach, Roinn Oideachais & Eolaíochta*

An tUasal Cathal Flynn [thar ceann riachtanais oideachais leanaí faoi choinneáil] *Iar-Phríomh Oifigeach Freastail Scoile*

Suzanne Vella Uasal [thar ceann an tseirbhís phromhaidh agus leasa] *Príomh Oifigeach Cúnta Promhaidh agus Leasa*

Struchtúr Fochoistí

Chun go gcomhlíonadh an SRBS a ndualgais, tá struchtúr fochoiste curtha i bhfeidhm aige. Léiríonn ábhar na Tuarascála seo an struchtúr seo agus na tosaíochtaí do gach fochoiste don tréimhse ó Shamhain 2003 go Nollaig 2004. Clúdaíonn na fochoistí seo sainchúram leathan a clúdaíonn:

- Straitéis and Polasaí;
- Cláir agus Traenáil;
- Taighde agus Eolas ar Ardchaighdeán;
- Cúram Speisialta agus úsáid Ard-tacaíochta;
- Idirchaidreamh leis na Cúirteanna;
- Airgeadais & Acmhainní Daonna;
- Cumarsáid agus Seimineáir.



Maureen Lynott Uasal



An Dr. Helen Buckley



An Dr. Bill Lockhart



An tUasal Ger Crowley



An tUasal Aidan Browne



Anne Wall Uasal



An tUasal
Michael Donnellan



Patricia Flynn Uasal

7



An tUasal Liam Hickey



Lee MacCurtain Uasal



An tUasal Michael Travers



An tUasal Cathal Flynn



Suzanne Vella Uasal



1. Straitéis agus Polasaí

- A. 227 (1) "Cuirfidh an Bord comhairle ar na hAirí ar pholasaí a bhaineann le leanaí a athchur agus a choinneáil lena chinntiú go seachadtar seirbhísí dóibh i mbealach feidhmiúil, éifeachtach, agus comhordaithe do leanaí a bhfuil orduithe coinneála linbh nó orduithe cúraim speisialta déanta ina leith..."
- (1) (f) "monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh go rialta ar leibhéal agus nádúr loistín cónaithe agus seirbhísí tacaíochta dá leithéid, ag tabhairt aird ar an éileamh reatha agus an éileamh a cheaptar a bheidh ann dóibh, agus aon athruithe a mholadh do na hAirí i leith a leithéid de lóistín nó seirbhísí a sholáthar atá riachtanach i dtuairim an Bhoird"
- (2) "Áit a cheapann an Bord go bhfuil easpa comhordaithe san soláthar de lóistín cónaithe dá leithéid do leanaí faoi choinneáil i scoileanna coinneála leanaí agus in aonaid chúraim speisialta nó nach bhfuil na seirbhísí tacaíochta do leanaí dá leithéid á úsáid i slí oiriúnach nó éifeachtach, déanfaidh sé moltaí cuí do na hAirí chun feabhas a chur ar a leithéid de chomhardaithe nó úsáide".

8

Bunaíodh Fochoiste Straitéise agus Polasaí chun comhairle agus treoir a thabhairt don Bhord i dtaobh a fhreagrachtaí a chomhlíonadh de réir mar atá léirithe i gCuid 11 de Act na leanaí 2001. Tá freagracht ar leith ag an bhFochoiste as na nithe seo a leanas:

- Chun a bheith feasach ar pholasaithe agus chuspóirí an Rialtais maidir le leanaí atá faoi choinneáil i scoileanna coinneála leanaí agus aonaid chúraim speisialta agus iad siúd a fhaigheann foirmeacha eile d'idirghabháil ard-tacaíochta;
- Chun cabhrú leis an mBord ina ról de chomhairle a chur ar Airí faoi chreatlach straitéiseach atá riachtanach a fhorbairt chun tacaíocht a thabhairt don Rialtas ina cuspóirí a bhaint amach;
- A chinntiú go ndéantar a leithéid de seirbhísí a úsáid agus a comhordú i modh oiriúnach agus éifeachtach.

Shainigh an Fochoiste na tasc seo a leanas do féin le haghaidh 2004:

- Chun critéir chúraim speisialta a ullmhú;

- Chun na himpleachtaí don Bhord agus do pháirtithe eile den fhorfheidhmiú de s. 23 A (2) (b) (mar atá curtha isteach ag alt 16) d'Acht 1991 a léiriú, a iarann dearcadh an SRSB a fháil ar iarratas Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ar ordú cúraim speisialta;
- Cabhair a thabhairt don Bhord chun Ráiteas Straitéiseach a fhorbairt 2005-2007;
- Chun nádúr an eolais monatóireachta agus na tuairiscithe ag teastáil ar bhonn míosúil a aontú, ar úsáid shuímh chúraim chónaithe speisialta, ard-tacaíocht san áireamh.

1.1 Critéir Chúraim Speisialta

Chuaigh an Fochoiste i gcomhairle le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus na haonaid chúraim speisialta ag Ballydowd, Co. Bhaile Átha Cliath, Gleann Álainn, Corcaigh agus Teach Coovagh, Luimneach chun na critéir a aimsiú maidir le cead isteach i gcúram speisialta. Scrúdaíodh agus pléadh na gnáthaimh urscaoilte do gach áit ar leith. Tá dea-chleachtas gach aonaid curtha san áireamh ag an bhFochoiste ina chritéir iomlán don úsáid chuí d'aonaid chúraim speisialta.

1.2 Impleachtaí s. 23 A (2) (b) (mar atá curtha isteach ag s. 16) d'Acht 1991

Ag leanúint ar aghaidh ar an dea-chleachtas aontaithe, bheartaigh an Bord ar roinnt struchtúir oibreacha ar leith a chur i bhfeidhm chun a bheith in ann a fhreagrachtaí a comhlíonadh faoin reachtaíocht thuas.

- Bunaíodh Painéal Athbhreithnithe Oird Chúraim Speisialta déanta suas de mheascán de lucht gairmiúla a chabhródh leis an mBord chun a gcuid smaointe a chur in iúl don chúirt maidir le hiarratais ar orduithe cúraim speisialta molta.
- Bheadh ball den Bhord mar chathaoirleach ar an bPainéal Athbhreithnithe Oird Chúraim Speisialta.
- Thabharfadh an Príomhfheidhmeannach [SRSB], thar ceann an Bord, a 'dhearcadh' i dtaobh aon iarratais molta ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, ag leanúint ar scrúduithe cáis ar leith bunaithe ar na criteir speisialta aontaithe roimh ré.
- Ainmneodh an Feidhmeannach oifigiúil chun idirchaidreamh agus cumarsáid rialta a dhéanamh le ainmnithigh i bhFeidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte bunaithe ar fhairsinge geografach agus réigiúnach.

1.3 Cabhrú chun Straitéis a Fhorbairt don Bhord

Ag ullmhú do straitéis an bhoird a fhorbairt, lorgaíodh comhairle ó roinnt comhlachtaí ó na hearnálacha sibhialta agus poiblí, chun creatlach agus próiseas a tharraingt suas a n-oireadh do riachtanais na heagraíochta amach anseo. Ullmhaíodh cáipéis dréacht straitéise agus cuireadh os comhair baill an Bhoird í, le haghaidh plé agus tráchtair air. Ina dhiaidh sin, socraíodh éascaitheoir agus ceardlann do thosach 2005, chun straitéis don Bord le haghaidh 2005-2007 a phlé agus a chinntiú. Nuair a foilseofar é seo, beidh sé mar phríomh fhórsa don Bhord ag dul ar aghaidh, agus beidh mionchuntas ar conas a bheidh feidhmeanna atá ainmnithe don Bhord comhlíonta ag brath ar acmhainní foirne atá ar fáil faoi láthair.

1.4 Eolas Monatóireachta agus Tuairiscithe

Faoi láthair cuirtear staitisticí míosúla os comhair an Bhoird i dtaobh scoileanna coinneála leanaí, aonaid chúraim speisialta agus aonaid ard-tacaíochta. Léiríonn siad seo infhaighteacht leapacha agus an ráta áitíochta, don mhí roimhe.

I gcaitheamh na bliana rinneadh comparáidí idir an úsáid iomlán agus aon cheisteanna ar leith a tháinig chun cinn ar a raibh míniú nó tuilleadh eolais ag teastáil. D'fhéadfadh cinneadh chun comhairle a chur ar na hAirí ábhartha a bheith i gceist anseo.

Cé go bhfuil arduithe agus íslithe i sealbhú in áiteanna cónaithe difriúla, thar an tréimhse atá faoi athbhreithniú, bhí go leor loistín ar fáil chun déileáil go héifeachtacht leis an éileamh a bhí ar na córais. Le linn 2004, chuir Coovagh House, Aonad Cúraim Speisialta, Luimneach [Bord Sláinte an Mheán-Iarthair] in iúl don Bhord gur dúnadh an t-aonad cúig leapacha (buachaillí) seo de bharr easpa foirne. Go dtí seo níl an t-aonad seo tar éis athoscailt fós.

Le linn 2004, rinneadh athbhreithniú ar Ionad Leanáí agus Déagóirí Fhionnghlaise. Chur Athbhreithniú Donnellan (29ú Aibreán 2004), roinnt moltaí ar aghaidh, ceann acu a raibh laghdú i líon na leapacha infhaighte ó 26 go 12 mar thoradh air, ag brath ar roinnt athruithe fadtéarmacha agus gearr-théarmacha le bheith déanta i bhfeidhmiú an aonaid. Táthar ag súil go mbeidh toradh ar athruithe iartheachacha déanta ag an mbainistíocht, agus go mbeidh líon na leapacha ag ardú sa todhchaí.

Tá Tionscadal Comhairlithe TF Gnó, le tabhairt faoi go luath i 2005, chun cabhrú leis an SRSB rochtain a fháil ar eolas suas chun dáta ar leibhéal infhaighteachta leapacha thar dhá cheann de na hearnálacha sainfeidhme ar a laghad. Má tá na moltaí seo socraithe agus ag tógáil fachtóirí costais san áireamh, tabharfar anailís níos fearr ar an trí earnáil (scoileanna coinneála leanaí, aonaid chúraim speisialta agus b'fhéidir ard-tacaíocht) I dtéarmaí úsáide, agus éifeachtachta agus feidhmiúlachta.

2. Cláir agus Traenáil

A. 227 (1) (i) cur chuige comhordaithe maidir le

- (i) cúram leanaí oideachasúil, cultúrtha agus teangeolaíoch agus cláir eile dá leithéid a fhorbairt do leanaí faoi choinneáil scoileanna agus aonaid mar seo,
- (ii) an bonneagar fisiceach riachtanach a fhorbairt agus a sholáthar chun tacaíocht a thabhairt do na cláir agus na seirbhísí soláthartha ag na scoileanna agus aonaid sin,
- (iii) lucht oibre scoileanna coinneála agus aonaid chúraim speisialta a thraenáil.

Bunaíodh Fochoiste Cláir agus Traenála chun féachaint ar gach gné de sholáthar seirbhíse mar atá leagtha amach i gCuid 11 d'Acht na Leanaí 2001 go háirithe.

Aithníonn Bord na Seirbhísí Cónaithe Speisialta go bhfuil na seirbhísí don ghrúpa daoine óga faoina chúram á soláthair thar trí ranna rialtais: an Roinn Sláinte agus Leanaí (trí Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte), an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, agus an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí.

Léiríonn Acht na Leanaí 2001 go soiléir go bhfuil dá slí inar féidir leis an Stát leanaí a choinneáil: tríd an gcóras cirt d'ógánaigh nó cúram speisialta. Ach, aithnítear go bhfuil gá féachaint ar áiteanna go bhfuil coitiantacht agus dúshlán thar na seirbhísí seo. Tá an SRSB tiomanta do dea-chleachtas a chur chun cinn agus do nádúr dúshlánach na hoibre seo agus an saineolas atá ag teastáil ón bhfoireann ag obair sa limistéir seo. a phlé go hoscailte. Chomh maith le sin tá sé tiomanta chuig smaointe a roinnt amach agus dea-chleachtas a chur chun cinn bunaithe ar fhianaise.

Bhunaigh an SRSB an Líonra Bhord na Seirbhísí Cónaithe Speisialta do na cúiseanna seo. Tá an Líonra seo déanta suas de lucht gairmiúla thar na gairmeacha aontaithe um sheirbhísí cónaitheacha speisialta. Tá imeachtaí an Líonra eagraithe ar théamaí ar leith maidir le cleachtas agus ar a raibh na hábhair seo a leanas san áireamh:

- Ag Obair le Saincheisteanna Mí-úsáid Substantí;

- Dearcadh Dearfach in aghaidh Iompar Dúshlánach;
- Pleanáil Chúraim;
- Idirghabháil Éigeandála Teiripeach;
- Acht na Leanaí 2001 – Impleachtaí do Chleachtas.

Bhí imeachtaí an Líonra ar siúl le linn na bliana ag áiteanna oiriúnacha ar fud na tíre agus tharraing sé meascán de chleachtóirí agus bhainisteoirí chuig na fóraim seo. Tá na himeachtaí seo tar éis tras-toirchiú smaointí agus malartú tuairimí ar chleachtais chúraim leanaí a chur chun cinn.

Tá an Fochoiste tar éis a bheith bainteach le féachaint ar limistéar cleachtais agus cláir sna scoileanna éagsúla. Tá scrúdú á dhéanamh aige ar an úsáid d'Idirghabháil Éigeandála Teiripeach agus tá deacrachtaí á phlé i ndéileáil le hiompar dúshlánach le hionadaithe sinsearachta ó ghníomhaireachtaí agus ranna rialtais.

2.1 Iniúchadh ar Chláir, Traenáil agus Bonneagair Thógála

Thosaigh iniúchadh ar chláir sna scoileanna coinneála leanaí agus sna haonaid chúraim speisialta agus tá sé fós ar siúl. Seo a leanas léiriú forleathan de na cláir iniúchta glactha:

2.2 Scoileanna Coinneála Leanaí.

Ta na cúig scoileanna³ faoi rialú na Roinne Oideachais agus Eolaíochta. Déantar na leanaí a tharchur chuig na scoileanna de réir ordúithe na gcúirteanna. Tá béim láidir oideachasúil agus tá ar na leanaí freastail ar an

3 Tá tagairt do scoileanna coinneála leanaí le fáil faoi Chuid 10 d'Acht na Leanaí 2001, ach níl sé tosaithe fós. Tá na cúig Scoileanna rangaithe faoi láthair mar Thionsclaíoch (Scoil Iosaif Naofa Cluain Meala, Ionad Leanaí agus Déagóirí Fhionnghlaise), agus Ceartúcháin (Teach na Tríonóide, Buachaillí Oberstown, Cailíní Oberstown) faoi Acht na Leanaí 1908.

scoil ann, chun go múinfi ábhair difriúla dóibh.

Spregtar na leanaí chun staidéar a dhéanamh do Scrúduithe Stáit. Ritheann na scoileanna cláir éagsúla ar leith, mar shampla, tá Buachaillí Oberstown ag cur clár le chéile ar 'Iompar Frithghníomhach Gnéasach' a aithníonn go bhfuil sé seo mar eilimint in roinnt de iompar ciontach na leanaí.

Tá béim láidir ar na daoine óga a ullmhú chun scileanna maireachtála neamhspleácha a fhorbairt don am a fhágann siad an scoil. Tá aonaid 'Step Down' forbartha ag Teach na Tríonóide agus Cailíní Oberstown chun tacú le leanaí ina n-aistriú thar n-ais go dtí a bpobal.

Tá inní ar an mBord faoi chumas na scoileanna a ról a chomhlíonadh toisc nádúr as dáta na saoráidí atá ar fáil. Tá campas athbhunaithe molta do Lusca áit ina bhfuil na trí scoileanna coinneála. Mar sin féin, leanann na scoileanna ar aghaidh ag tabhairt isteach nósanna nua in oiriúint do athruithe agus chastacht éilimh a gcliant.

Seo a leanas roinnt de na príomh cheisteanna aitheanta i leith cláir a sheachadadh (i) an gá le cláir a bheith oiriúnach don ghné agus don chultúr (ii) an gá le comhlacht a dhearbhaíonn ardchaighdeán na gclár. Tá sraith de chruinnithe beartaithe do 2005 idir an SRSB agus stiúrthóirí na scoileanna coinneála leanaí chun na coda de chomhordú cláir, a chlúdaíonn cúram an Bhoird agus aon riachtanais traenála foirne, a scrúdú.

2.3 Aonaid Chúraim Speisialta

Tá trí aonaid a oibríonn ag leibhéal náisiúnta (Baile Átha Cliath) agus réigiúnach (Corcaigh agus Luimneach) araon faoi rialú Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Tá na Leanaí a thagraítear chuig aonaid chúraim speisialta de ghnáth idir aois a 11 agus 17 agus bíonn siad faoi réir Orduithe Ard-Chúirte áit in gceaptar go bhfuil cúram speisialta nó cosaint ag teastáil. Tagann leanaí atá curtha in aonaid chúraim speisialta ó réimse leathan chúlraí agus taithí. Rialaíonn nádúr chúraimí sonracha an duine an plean chúraim agus na freagraí.

Is é aonad chúraim speisialta Ballydowd (Baile Átha Cliath) an t-aonad is mó agus freastalaíonn sé ar bhuaicillí agus chailíní araon. Tá cláir speisialta chomh maith le réimse ildánach chun éilimh na leanaí cónaithe a shásamh. Feidhmíonn aonad chúraim speisialta Ghleann Álainn (Corcaigh) a fhreastalaíonn ar bhaineann, le Síceolaí Cliniciúil, a oibríonn leis na leanaí agus a chomhairlíonn an fhoireann ar na hidirghabhála agus na cláir chuí.

Comhoibreoidh an SRSB le stiúrthóirí d'aonaid chúraim speisialta le linn 2005, chun cur chuige comhordaithe a chinntiú i leith na gclár agus na riachtanais traenála foirne éagsúla.

3. Caighdeán, Eolas agus Taighde

A. 227 (1) (h) "staitisticí agus sonraí eile a bhailiú, a choimeád, a mheas agus taighde a dhéanamh i leith leanaí a choinneáil, agus ..."

Buaileann an Fochoiste ar Chaighdeán, Eolas agus Taighde go minic chun feidhmeanna Taighde agus Eolais an Bhoird a chomhordú agus a threorú, mar atá leagtha síos san Acht.

Dhírigh obair tosaigh an Fhochoiste ar straitéis taighde a chur le chéile le haghaidh 2004. Ionchorpraíonn sé seo Ráiteas Misin an Bhoird agus na tosaíochtaí leagtha amach ag lainseáil an Bhoird mar ghníomhaireacht reachtúil ar 7 Samhain 2003.

Mar aon le forbairt na straitéise taighde, tá an Fochoiste ag cur le chéile prótacal ar Eitic Taighde, chun taighde a dhéanfadh ná a cheadódh an Bord sa tothchaí a threorú. Aithníonn an prótacal an grúpaí daoine óga is soghonta lena n-oibríonn na soláthraithe seirbhíse, agus mar a phrionsabal treorach aige, tá ionchorprú tuairimí lucht úsáide na seirbhísí i slí a bhfuil éifeachtach i tionscadail taighde. Aithníonn an Fochoiste an tábhacht atá ag baint leis na nasc idir cuspóirí na Straitéise Náisiúnta Leanaí, chun díriú ar nádúr comhtháite sheachadadh seirbhíse do leanaí.

3.1 Tionscadail Taighde

I 2004, chuir an Ionad do Thaighde Sóisialta agus Oideachais, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath tuarascáil amach, faoi choimisiún ag an SRSB ar *"The Impact of Placement in Special Care Units on the Wellbeing of Children and their Families"*.

Leiríonn an tuarascáil an ranníocaíocht tábhachtach don bhunús eolais ar an tionchar atá ag socrú i gcúram speisialta ar leanaí agus a gclanna. Is seirbhísí nua iad na hionaid chúraim speisialta in Éireann, agus aithníonn an Bord an tábhacht atá ag baint le tuilleadh taighde sa tothchaí chun cabhrú le heolas bunúsach a forbairt sa tír seo.

Léirigh an cinneadh tosaigh go gcabhraíonn na tréimhsí cobhsaíochta in ionaid cúram speisialta le leanaí airithe. Cuireann taighdeoirí béim ar an tábhacht a bhaineann

le cúram agus seirbhísí a bheith ar fáil don duine óg ar bhonn leantach, áfach, go mór, mór chun tacaíocht a thabhairt do leanaí atá tar éis dul thar n-ais go dtí a gclann agus a bpobal.


Tá an SRSB ag maoiniú chuid den taighde atá á déanamh i dTeach na Tríonóide ar *'The Review and Adaptation of an Appropriate Physical Restraint Model'*. Tá an taighde atá á rith ag pearsanra cúraim leanaí le comhordaitheoir neamhspleách chun tabhairt faoi athbheithniú cuimsitheach de chórais srianta fisiceacha reatha, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, agus chun samhail srianta fisiceach a athrú le bheith mar an gceann is oiriúnaí do leanaí agus lucht oibre in áit chónaithe cúraim leanaí slán. Táthar ag súil go mbeidh an tionscadal seo críochnaithe i 2005. I Samhain 2004, thug an Bord tairiscint do Social Information Systems (U.K.) agus chuir siad faoi choimisiún iad chun taighde a dhéanamh ar *'Review of Admission Criteria and Processes for Special Care'*.

Tá an taighde seo ag dul ar aghaidh faoi láthair agus ag lorg oiriúnacht do na chritéir atá ann faoi láthair agus an éileamh atá ann i gcóir cúram speisialta in 2004. Tá sé in ainm a bheith críochnaithe i Meitheamh 2005 agus táthar ag súil go leagfaidh sé amach an leibhéal agus éileamh atá ann do na seirbhísí speisialta seo ó cheann ceann na tíre.

3.2 Comhaltacht Taighde

Tá an bord ag déanamh a lán dícheall chun an buneolas a leathnú amach agus taighde a dhéanamh i seirbhísí ionaid cónaithe speisialta. Tá scrúdú déanta ag an mBord ar thíortha eile ag lorg samplaí de dheachleachtas agus nuálaíocht, tá mórán samplaí de dheachleachtas agus taithí idir an lucht gairmiúil sna háiteanna cónaithe sainfheidhme sa tír seo, áfach.

Tá ar intinn ag an mBord taighde a chur chun cinn a aithníonn na gnéithe dearfacha atá ag baint le seirbhísí Éireannacha. I 2004 bheartaigh an Bord ar maoiniú a



chur ar fáil do Chomhaltachta Taighde do dhaltáí larchéime (Máistreacht) agus Dochtúireachta (Phd) atá ag déanamh taighde sa limistéir seo. D'fhógair an Bord na comhaltachta seo i rith 2005, agus tá sé molta go mbeidh painéil saineolaithe os na seirbhísí difriúla agus lucht léinn chun na hiarratais seo a mheas. Tá sé i gceist go mbeidh clár ag dul ar aghaidh amach anseo ag tabhairt tacaíocht do dá chomhaltacht (ceann larchéime agus ceann Dochtúireachta) ag aon am amháin.

3.3 Comhoibriú Idirghníomhaireachta

Tá an SRSB ag cur le chéile réimse sonraí agus eolais sna seirbhísí áit chónaithe speisialta trí a ról agus a seirbhísí a fhorbairt. Cuireann sé seo ar cumas an Bhoird cur le taighde in áiteanna comhcheangailte.

Tá an SRSB ionadaithe ar na foghrúpaí Taighde agus Staitisticí, Cumarsáidí agus Comhdhála den Oifig Náisiúnta Leanaí. Tá an SRSB tar éis cabhrú le taighde atá á dhéanamh ag an Irish Association for the Study of Delinquency (IASD) trí thuairisc a choimeád ar líon áirithe cásanna leanaí trí Cúirt na Leanaí Bhaile Átha Cliath.

4. Cúram Speisialta agus úsáid Aonaid Ard-Tacaíochta

A. 227 (1) (e) "a dearcadh a thabhairt ar aon mholadh ó bhord sláinte, d'fhonn alt 23A (2) (b) (curtha isteach ag alt 16) den Acht 1991, chun iarratas a dhéanamh ar ord cúraim speisialta faoi Chuid IVA den Acht sin"

Sainíonn reachtaíocht na forais ag teastáil chun "lompar an linbh a mheas má tá sé chun é féin a chur i mbaol ceart nó substaintiúil a chuirfeadh a sláinte, sábháilteacht nó a fhorbairt i mbaol agus go bhfuil cúram speisialta ag teastáil uaidh nó cosaint nach bhfaigheadh sé mura ndéanfadh an chúirt ord ina leith." Is féidir leis an gcúirt ord eastramhach cúraim speisialta a dhéanamh ar na critéir céanna, an t-aon difríocht ná láithreacht chúinsí an cháis.

Tá cumas 30 leaba sna hionaid chúraim speisialta, suite i Ballydowd, Co. Bhaile Átha Cliath [18], Gleann Álainn, Corcaigh [7], Teach Coovagh, Luimneach [5]. Tá na hionaid seo a stiúradh ag na Boird Sláinte Réigiúnacha (Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte anois).

Chun an fheidhm seo a chomhlíonadh tá an SRSB tar éis Painéal Athbhreithnithe Oird Chúraim Speisialta a bhunú. Déanfaidh an Painéal seo moladh don Bhord ar aon iarratais molta ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Ansin cuirfidh an Bord comhairle ar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte faoin iarratas molta. Tá an SRSB ag tabhairt faoi athbhreithniú ar na critéir don úsáid cuí d'aonaid chúraim speisialta, bunaithe ar rialacháin agus orduithe déanta i Meán Fómhair 2004 i dteannta lucht ainmnithe Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

Déanfaidh an Bord léirmheas ar gach uile cás a tarchurtha ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus cuirfear san áireamh iad ar bhonn Critéir Chúraim Speisialta agus na prionsabail treoracha go bhfuil:

- Barr leasa na linbh mar an rud is tábhachtaí;
- Socrúchán in aonaid chúraim speisialta mar rogha dheireanach agus don tréimhse is lú;
- Roghanna eile measta agus breathnú déanta orthu.

Is é ról an Phainéil Athbhreithnithe Oird Chúraim Speisialta ná iniúchadh a chur ar fáil ag cinntiú go

dtacaíonn na critéir le haghaidh socrúcháin agus na tuarascálacha ar leith an t-iarratas ar chúram speisialta. Lena chinntiú go bhfaigheann an SRSB an t-eolas ábhartha go léir a baineann le haon iarratas ar ord cúraim speisialta, tá gnáthaimh agus prótacail anois mar chuid den phlé leanúnach idir an SRSB agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Lena chinntiú go bhfuil taithí ag gach ball den Phainéal Athbhreithnithe Oird Chúraim Speisialta ar na critéir, tosaigh traenáil ar roinnt cás-staidéir ullmhaithe chun cabhrú leis an mBord in ullmhú le haghaidh iarratais chúraim speisialta molta. Níl Cuid 3 d'Acht na Leanaí fós ar bun in iomlán chun go bhféadfadh Cúirteanna Dúiche an scéim reachtúil nua a chur i bhfeidhm.

4.1 Aonaid Chúraim Speisialta

Tá trí aonaid chúraim speisialta sa Stát, is iad siúd ná Ballydowd i mBaile Átha Cliath, Gleann Álainn i gCorcaigh agus Teach Coovagh i Luimneach, tá cumas leapacha iomlán de 30 ag an trí aonaid seo. Cé go bhfreastalaíonn Ballydowd ar mheascán idir fireann agus baineann, freastalaíonn Gleann Álainn agus Teach Coovagh ar bhaineann agus fhireann faoi seach.

Chuir na haonaid seo cúram speisialta agus lóistín ar fáil do 55 duine óg don tréimhse faoi athbhreithniú.

Tréimhse Choinneála	
Meán-fhad an fhanachta (míonna)	5
Fanacht is Faide (míonna)	29
Fanacht is Giorra (míonna)	1
Meánaois ar Theacht Isteach (blianta)	15
Méid Fireann	21
Méid Baineann	34
Iomlán	55

Tarchuireann a mBoird Sláinte réigiúnacha (Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte anois), leanaí chuig aonad cúraim speisialta de bhun measúnacht chuimsitheach ar a riachtanais agus ordú cúirte ón Ard-Chúirt. Bhí formhór na leanaí seo (51% nó 28 leanbh) as ceantar Bhaile Átha Cliath.

Bhí cúram speisialta ag teastáil ón bhformhór (78%) de leanaí a coinneadh i Ballydowd. Coinníodh deichniúr cailíní óga i nGleann Álainn i 2004. Chuir Teach Coovagh cúram speisialta ar fáil do bheirt bhuachaill i 2004.

Bhí ráta áitíochta iomlán de 52% don trí aonad cúraim speisialta i 2004.

Sonraí Aonaid	F	B	Iomlán	%
Ballydowd	19	24	43	78%
Gleann Álainn	0	10	10	18%
Teach Coovagh	2	0	2	4%
	21	34	55	100%

4.2 Aonaid Ard-tacaíochta

Tá 13 aonad ard-tacaíochta lonnaithe ar fud an Stáit a osclaíodh idir 1997 agus 2002. Tá formhór acu faoi bhainistíocht Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte nua. Clúdaíonn Acht na Leanaí 1991 seachadadh seirbhísí ard-tacaíochta, agus tá a fheidhmiú nua go leor in Éirinn. Tuigtear an fhorbairt atá déanta ar aonaid ard-tacaíochta [cónaithe] is fearr mar fhreagra ar riachtanais mionlach leanaí go bhfuil trioblóidí arda orthu. Ní féidir tacaíocht a thabhairt do na leanaí seo, go bhfuil tacaíocht dian ó bhaile ag teastáil uatha, sna gnáth aonaid chúraim chónaithe. Níl aire slán ag teastáil ó na leanaí seo áfach, mar a chuirtear ar fáil sna haonaid chúraim speisialta.

De réir Giller, H 2003, "Definition and Usage of High Support in Ireland", tá ard-tacaíocht mar choincheap in éabhlóid atá tar éis athrú óna ceapadh bunúsach agus a leanann ag forbairt. D'aithin Giller dá threocht seirbhíse:

- Ard-tacaíocht cónaithe;
- Ard-tacaíocht mar mhodheolaíocht (seachadtha sa phobal, mar shampla ag Extern nó Youth Advocate Programme).

Aontaíonn 'Review of the Need of High Support Care' [Údarás Réigiúnda an Oirthir 2004] leis an dearcadh seo agus sainmhíneann sé ard-tacaíocht mar: "Aon chlár aonarach chun tacaíocht a thabhairt do leanaí agus dhaoine óga le riachtanais eisceachtúla trí idirghabháil teiripeach, am-teoranta i dtimpeallacht atá neamh-slán".

Tá an dá aonaid ard-tacaíochta is mó sa Stát lonnaithe i mBaile Átha Cliath agus i mBaile na Lorgan, Co. Mhuineacháin, le 18 leaba in iomlán ar fáil sa tréimhse faoi athbhreithniú. D'oscail an dá aonad i 2002, agus tógadh iad d'aon ghnó chun na riachtanais agus na seirbhísí atá ag teastáil do na leanaí curtha sna háiteanna seo a chur san áireamh.

Bhí ráta áitíochta de 72% sna haonaid ard-tacaíochta go léir sa tréimhse atá faoi athbhreithniú. Leanann an Bord ag coimeád staitisticí míosúla de shocrúcháin agus treochtaí sna haonaid ard-tacaíochta faoi athbhreithniú.

5. Ag comhoibriú leis na Cúirteanna

- A. 227 (1) (a) comhordú a dhéanamh ar an seachadadh de lóistín chónaithe agus sheirbhísí tacaíochta do leanaí faoi choinneáil i scoileanna coinneála leanaí agus aonaid chúraim speisialta,
- (1) (b) úsáid chuí agus éifeachtach de scoileanna agus aonaid dá leithéid a chinntiú, agus aird ar leith á thabhairt don phrionsabal go bhfuil leanaí a chur faoi choinneáil i scoileanna coinneála leanaí nó aonaid chúraim speisialta mar bheart den rogha dheireanach,
- (1) (c) comhoibrigh leis na cúirteanna i leith leibhéil agus nádúir na seirbhísí ar fáil do leanaí atá cúisithe le cion nó a bhfuil cúram nó cosaint speisialta ag teastáil uatha,
- (1) (d) go háirithe, cabhrú leis na cúirteanna, ar iarratais, in áiteanna oiriúnacha a aithint i scoileanna coinneála leanaí do leanaí a fuarthas ciontach iad agus don chúis sin teagmháil a dhéanamh le stiúrthóirí na scoileanna sin,
- (1) (e) a dearcadh a thabhairt ar aon mholadh ó bhord sláinte, d'fhonn alt 23A (2) (b) (curtha isteach ag alt 16) den Acht 1991, chun iarratas a dhéanamh ar ord cúraim speisialta faoi Chuid IVA den Acht sin.

16

Tá sé Oifigeach Cúirte sannta (chuig an mBord) ag an mBord a chomhoibríonn le agus a chuireann comhairle ar Cúirt na Leanaí⁴, ar iarratais, maidir le leanaí faoi aois 16 don chuid is mó a thagann os comhair na gcúirteanna ar ábhair choiriúla. An phríomh phrionsabal ná go bhfuil coinneáil mar bheart deireanach agus go mbaintear úsáid chuí agus éifeachtach as na scoileanna seo.

Tá Cúirt na Leanaí i mBaile Átha Cliath a suíonn gach lá mar phríomh fhócas na gníomhaíochta agus ina dhiaidh sin tá Port Láirge, Corcaigh, Luimneach agus Gaillimh. I dtéarmaí ról an Bhoird a chur in iúl, thug an Bord cuairt ar agus d'fhreastail sé ar Chúirt na Leanaí i mBaile Átha Cliath agus na 22 Cúirt Dúiche sa Stát a fheidhmíonn mar Chúirt Leanaí ag amanna éagsúla. Tá Oifigigh Chúirte an Bhoird ainmnithe chuig limistéir chúirte áirithe chun ról agus feidhmeanna an bhoird a chur in iúl agus chun tuiscint a thabhairt ar mheon an Achta.

Nuair a bheidh Cuid 3 d'Acht na Leanaí 2001 i bhfeidhm go hiomlán, beidh tuairimí an Bhoird ag teastáil os na cúirteanna, ar bhonn gach iarratas ar ordú cúraim speisialta déanta don Chúirt Dúiche ag Feidhmeannacht

na Seirbhíse Sláinte, (A 23 A (2) (b) (curtha isteach ag alt 16) de Acht 1991).

Ar oibríochtaí ó lá go lá, tá comhairle tugtha ag na hOifigigh Chúirte do na cúirteanna ó Bhealtaine 2004 ar chásanna éagsúla, mar shampla, socrúcháin chuí i scoileanna coinneála leanaí, cásanna go bhfuil cúlra leasa shóisialaigh acu, agus ceisteanna a bhaineann le seirbhísí tacaíochta go ginearálta. Déanann an Bord monatóireacht ar chásanna faoi leith tríd an Ard-Chúirt go bhfuil faoi chúram an Bhoird.

Le linn 2004 fuair na hOifigigh Chúirte taithí níos fearr ar chleachtas na cúirte, ghnáthaimh agus idirghníomhú idir príomh gheallshealbhóirí eile. Roghnaítear cásanna ar leith le dul os comhair na cúirte bunaithe ar eolas faoi chúlra an linbh, a chúinsí, a chionta agus teagmháil déanta ag gníomhaireachtaí/seirbhísí éagsúla. Comhoibríonn oifigigh chúirte leis na cúirteanna, agus tugann siad comhairle do na cúirteanna, ar iarratais, ar bhonn cás-go-cás. Tá mórán cásanna ina raibh roghanna eile seachas coinneáil ceadaithe ag na cúirteanna, bunaithe ar mheon iomlán an Achta go

⁴ Sé ainm oifigiúil na Cúirte ná Cúirt Leanaí. Chun a bheith níos líofa áfach, úsáidtear an téarma Cúirt na Leanaí tríd an tuarascáil seo.

bhfuil coinneáil mar an rogha dheireanach. I gcásanna áirithe os comhair na cúirte le linn 2004 ba é an phríomh fhadhb ná leas sóisialta agus cé nach raibh alt 77 den Acht [cás coiriúil a tharchur go bord sláinte chun Comhdháil Leasa Teaghlaigh a thionól] tosaithe fós, chabhraigh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte i gcásanna áirithe ionas go bhféadfaí roghanna seachas coinneáil a mheas.

Cás-Sampla:

Bhí buachaill d'aois 13 os comhair Cúirt na Leanaí i 2004 ar roinnt cúiseanna agus bhí dhá bhliain faoi choinneáil i scoil coinneála leanaí i ndán dó. Bunaithe ar mheon an Achta, d'iarr an chúirt comhairle ón mBord i leith na roghanna a bhí aici.

- Cuireadh plean ar aghaidh ina raibh measúnacht síceolaíoch i scoil coinneála leanaí a mhol tréimhse i gcúram cónaithe le hathbhreithnithe rialta ar an ndul chun cinn á dhéanamh ar na cláir roghnaithe le oideachas agus treoirleánte ar iompar inghlactha san áireamh.
- Rinne Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte na tacaíochtaí riachtanacha don leanbh a mheas agus é ar saoire bhaile agus bhí cúnaimh do mháthair an linbh san áireamh anseo.
- Cheadaigh an chúirt an plean gníomhaíochta le dátaí athbhreithnithe san áireamh.

Tá an leanbh sna cláir le roinnt míonna anuas agus tá aiseolas dearfach faighte ag an gcúirt ó na gníomhaireachtaí éagsúla.

Léiríonn an cás seo an rath a bhíonn ar chomhoibriú idirghníomhaireachta agus an deis a chuir an leanbh ar fáil trí aontú le coinníollacha na cúirte (páirteachas sna cláir san áireamh) mar a leagadh síos iad.

Bhí cruinnithe ag an mBord le cleachtóirí dlí chun feidhmeanna an Bhoird a imlíniú, agus chun ceisteanna faoi bharr-riachtanais an linbh a mheas a fhíorú. Ar ócáidí eile bhí plé timpeall ar bhoird chiorclach leo siúd a bhí bainteach in Acht na Leanaí 2001, mar aon le hionadaithe ón tSeirbhís Chúirteanna,

ón tSeirbhís Phromhaidh agus Leasa, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, An Garda Síochána agus an lucht dlí. Bhí Breithimh Dúiche áitiúla mar chathaoirligh ar chruinnithe eile dá leithéid i Luimneach agus i bPort Laoise.

Tá córas ag an Bord, duine a bheith ar dualgas 24 uair sa lá, seacht lá sa tseachtain, tá sé seo ar fáil do na gníomhaireachtaí ábhartha, a chomhordaíonn socrúcháin leanaí má iarann an chúirt, chun úsáid chuif agus éifeachtach na scoileanna nó aonaid a chinntiú.

Tionóladh cruinnithe leis an earnáil deonach, chun comhoibriú agus tuiscint ar ról an Bhoird a chur chun cinn chomh maith le hionadaithe an Guardian ad Litem.

Tá comhrá ag dul ar aghaidh leis an Seirbhís Promhaidh agus Leasa, chun meabhrán tuisceana idir an dá eagraíocht a fhorbairt, chun comhoibriú idirghníomhaireachta a mhéadú agus meon Acht na Leanaí 2001 a chur chun cinn.

5.1 Scoileanna Coinneála Leanaí

Leagann Cuid 10 d'Acht na Leanaí creatlach sonrach amach do scoileanna maidir le bainistíocht, cigireacht agus feidhmiú. Go dtí seo níor tosaíodh ar Chuid 10 den Acht. Is cúis inní don Bhord é cé go bhfuil foráil ann do Chigire Scoile Coinneála Leanaí, [faoi Chuid 10] ach ní raibh aon chóras ar bun i 2004 do chigireacht neamhspleách ar na scoileanna seo ag comhlacht cuí.

Bíonn cruinnithe go rialta le stiúrthóirí scoileanna coinneála leanaí (agus a leas-stiúrthóirí) chun socrúcháin chuif, ceisteanna feidhmithe agus pleanála, agus ábhair dlí a bhaineann le leanaí a phlé, le haird a thabhairt go háirithe ar an bprionsabal go bhfuil leanaí a chur faoi choinneáil mar an rogha dheireanach.

Léiríonn an tábla seo a leanas líon na leapacha atá ceadaithe agus atá ar fáil i ngach ceann de na scoileanna coinneála leanaí. Le linn na tréimhse atá faoi athbhreithniú coinníodh ochtar leanaí i scoileanna coinneála leanaí ar Orduithe Ard-Chúirte agus fuair na cúirteanna níos íochtaráí cúigear acu siúd ciontach níos deánaí.

SCL	Leapacha ar Fáil	Ráta Áitíochta
Teach na Tríonóide	27	68%
Scoil Buachaillí Oberstown	20	96%
Scoil Cailíní Oberstown	15	49%
Ionad Leanaí agus Déagóirí Fhionnghlaise	12*	75%
Scoil Iosaif Naofa, Cluain Meala	40#	65%
Iomlán	114	

*Leapacha laghdaithe ó 26 go 12 i Meitheamh 2004

#I gcás Scoil Iosaif Naofa, Cluain Meala, bhí formhór na leapacha áitithe ag leanaí neamhchiontacha a bhí curtha ann maidir lena gcúraim nó a sábháilteacht féin trí tharchur ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

Thug na haonaid seo oideachas agus lóistín do 211 leanbh i 2004. Tugadh isteach 170 leanbh ar leith (déanta suas de 24 bainean agus 146 fireann) i 2004. Bhí na socrúcháin bunaithe ar orduithe cúirte ón gCúirt Dúiche, ón gCúirt Chuarda, ón Ard-Chúirt agus ó tharchuir Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Is é an meánaois ar theacht isteach ná 15 d'fhireannaigh agus 16 do bhaineannaigh.

Taispeánann an bord seo a leanas líon na leanaí faoi choinneáil (athchurtha agus cúisithe) i ngach scoil coinneála i 2004. Ba chóir a thabhairt faoi deara go bhfuil roinnt bheag leanaí a raibh faoi choinneáil i níos mó ná scoil amháin i rith na bliana.

Sonraí Aonaid	F	B	Iomlán	%
Teach na Tríonóide	50	0	50	22%
Buachaillí Oberstown	70	0	70	31%
Cailíní Oberstown	0	28	28	13%
Fionnghlas	68	0	68	30%
Scoil Iosaif Naofa	8	0	8	4%
	196	28	224	100%

Anailís ar Chionta ar a raibh Coinneáil mar thoradh:

Is é ceantar Bhaile átha Cliath is cúis le 44% de na cionta go léir maidir le leanaí faoi choinneáil i scoileanna coinneála leanaí.

Léiríonn an tábla seo a leanas an phríomh chatagóir de chionta, ar a coinníodh leanaí i scoileanna coinneála leanaí i 2004.

Cionta	
Robáil agus Gadaíocht	34%
Gluaisteáin a Ghoid	17%
Damáiste Coiriúil	17%
Ionsaí	15%
Buirgléireacht	8%
Ord Poiblí	7%
Eile	2%

Láthair leanaí faoi choinneáil (Baile átha Cliath agus Cúigeach):

Tháinig na leanaí a bhí faoi choinneáil i 2004 os na réigiúin seo a leanas:

Baile Átha Cliath (Cathair & Contae)	
An chuid eile de Laighean	26%
Mumhain	26%
Connacht	7%
Ulaidh	3%

6. Cumarsáidí agus Seimineáir

A. 227 (1) (g) "seimineáir, comhdhálacha, léachtaí nó léirsithe a chur chun cinn, a eagrú agus páirt a ghlacadh iontu (cibé sa Stát nó in áit éigin eile) bainteach le leanaí a choinneáil nó le hiompar ciontach leanaí"

D'fhorbair an Fochoiste Cumarsáidí and Seimineáir, tosaíochtaí oibre agus cláir chun feidhmeanna éagsúla laistigh den alt seo den Acht a comhlíonadh.

6.1 Comhdháil Náisiúnta:

D'eagraigh an Bord comhdháil náisiúnta dar teideal "Education in Care" ar 30ú agus 31ú Márta 2004 i mBaile Átha Luain. Dhéileáil an comhdháil le ceisteanna éagsúla faoi leanaí i gcúram cónaithe agus a gcuid oideachais. Labhair an príomh labhraí, an Dr. John Visser, School of Education, University of Birmingham faoin saghas leanaí atá faoi chúram. Phléigh sé conas a fhoghlaimíonn leanaí agus conas a mhúineann daoine fásta, scrúdaigh sé fírinní domhanda chomh maith a luíonn i gcroílár riachtanais leanaí a chomhlíonadh, ar nós teorainneacha agus dúshlán, tuisceana agus cothromais agus trédhearcachta in oideachas.

Tugadh aird ar eisiúintí eile mar reachtaíocht a raibh éifeacht aige ar oideachas agus cúram ar feadh na blianta, cosc agus idirghabháil, meon na scoile agus an tionchar a bheadh aige ar ghnóthú. Thug mórán cainteoirí eile a dearcadh profisiúnta ar an ábhar, an Bord Náisiúnta Oideachais agus Leasa, Seirbhísí Cúraim Leanaí, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Ionad Oideachais Oberstown, agus an Eagraíocht Extern san áireamh. Críochnaigh an comhdháil le seisiún iomlán dar teideal "Personal Experience", comhdhéanta de phríomhoideirí scoile, ceannaire cúraim leanaí agus beirt tuismitheoirí a raibh a leanaí tar éis dul tríd an oideachas faoi chúram agus ar deireadh labhair iar-úsáideoir na seirbhíse i dtaobh an taithí a bhí aici féin laistigh den chóras.

6.2 Nuachtlitir an SRSB:

Ó bunaíodh an SRSB ar cos reachtúil tá dá nuachtlitir foilsithe ag Bord na Seirbhísí Cónaithe Speisialta. Phléigh Bileog na Nollag 2003 na Painéil Saineolacha (aitheanta anois mar an Painéal Athbhreithnithe Oird Chúraim Speisialta) agus a bhfeidhm agus a gcuspóir. Thug an

bileog achoimre do seimineáir a d'eagraigh an SRSB ar "Prevention & Management of Challenging Behavior, Towards Best Practice" a bhí ar siúl ar 16ú Meitheamh 2003. Thug an bileog achoimre ar trí shaghas comhdháil teaghlaigh a thionóil Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, An Garda Síochána, agus an tSeirbhís Phromhaidh agus Leasa. Luadh an obair a déanann an fhórait cleachtaidh, an Líonra na Seirbhísí Cónaithe Speisialta chomh maith, áit a raibh mórán cruinnithe/seimineáir agus ceardlanna eagraithe, ag déileáil le ceisteanna éagsúla maidir dea-chleachtas i gcúram leanaí.

Thug bileog Dheireadh Fómhair 2004 achoimre den chomhdháil ar "Education in Care" mar a luadh níos luaithe. Foilsíodh mórán ailt i dtaobh "Workplace Violence" le Kevin McKenna, "The Assessment and Treatment of Juvenile Sex Offenders in Ireland", le Alan Carr agus an Dr. Gary O'Reilly, agus "Developing Special Care - A View Point" le John Martin. Tá taighde coimisiúnaithe ag an SRSB ag scrúdú an critéir a úsáidtear le haghaidh cead isteach go haonaid chúraim speisialta a thugann achoimre chuig a cúlra agus a spriocanna. Pléadh leagan úr de Líonra na Seirbhísí Cónaithe Speisialta agus na himeachtaí is déanaí chomh maith. D'fhéach an Bileog ar roghanna eile seachas cúram chomh maith. San áireamh anseo an Youth Advocate Programme (YAP) agus an Multisystemic Therapy Programme (MST).

6.3 Misean go dtí an tSualainn.

I Samhain 2004, thug baill an bhoird cúirt ar an tSualainn chun féachaint ar dhea-chleachtas idirnáisiúnta ag cur san áireamh aire speisialta le haghaidh leanaí atá sa córas ceartais coiriúil agus leasa. Tá díriú ar na príomh áiteanna i dtéarmaí staidéair ar aon dul chun cinn speisialta ónar féidir le na seirbhísí in Éirinn foghlaim. Mar aon le sin tugann siad seans do seirbhísí i dtíortha eile foghlaim ó ár taithí mar thoradh ar chuairt an Bhoird, táthar ag súil le dá thoscaire ón tSualainn in 2005.

Is é aois an fhreagracht choiriúil sa tSualainn ná 16. Tá sé seo i bhfad níos airde ná in Éirinn fiú leis an athrú In aois ar freagracht coiriúil óna seacht go dtí 12 mar atá leagtha amach in Acht na Leanaí. Tá eagraíocht lárnach amháin a chomhordaíonn ionadaíocht slán do dhaoine óga sa tSualainn. (*Statens Institutions Styrelse (SIS) National Board of Institutional Care*). Mar Idirhealú ar seirbhísí Éireannacha, tá smacht oibríochta le haghaidh ha n-aiseanna slán ar fad ag an eagraíocht seo. Tá 35 mar iomlán de institiúid ag SIS mórthimpeall na Sualainne le 700 áiteanna, 500 a bhfuil slán. Chomh maith le sin feidhmíonn sé 14 institiúid le haghaidh mí-úsáideoirí substaintí le 330 áit iontu.

Comhlíontar an Feidhm Socrúcháin Lárnach ag an Aonad Iontrála den SIS agus tá seisear oifigeach fostaithe ann chun déileáil leis na tarchuir agus measúnacht a dhéanamh ag úsáid gléas caighdeánach a chabhraíonn leo déanamh amach cad é an áit cheart gur choir go gcuirfí an duine óg úd. Dílis don próiseas seo is ea nádúr éagsúil na seirbhísí. Coimeádtar taifead i scríbhinn ar na tarchuir go léir agus cuirtear iad isteach i mbunachar sonraí lárnach atá nasctha leis na haonaid ar fad. Cabhraíonn sé seo leis an feidhm staitistic leanúint, áit a mbeidh gach duine faoi shuirbhéireacht maidir le:

- Seirbhísí faighte;
- Tuairimí an údaráis áitiúil;
- Tuairimí an duine óg.

Cuirtear agallamh ar gach duine agus iad ag teacht isteach, ag fágáil agus i staidéar leantach bliain ina dhiaidh sin. Cuireann an SIS coimisiún ar taighde neamh spleách, mar shampla éifeacht cláir iompar sonraithe próifíl daoine óga agus á thoradh orthu srl. Tá dá shlí isteach i gcúram slán sa tSualainn, tríd an gcóras leasa - atá á fheidhmiú ag na cúirteanna sibhialta - nó tríd an gcóras ceartais coiriúil (atá in úsáid tar éis aois a 16).

Déileálann an SIS le thart ar 1,100 cimí gach bliain, 90 díobh seo tríd na cúirteanna coiriúla.

- Meánaois is ea 16;
- Meán fhanacht ná 165 lá;

- Ligtear saor 50% tar éis 65 lá.

Is iad seo a leanas roinnt de na príomh threochtaí i gcóras na Sualainne:

- Tá éileamh ard ar ionadaíochta agus tá an éileamh ar shocrúcháin níos slándála ag ardú;
- Tá líon na mban óga ag ardú;
- Tá níos mo daoine óga ag teacht le fadhbanna úsáid drugaí ag aois níos óige;
- Tá líon na ndaoine óga le deacrachtaí síciatracha ag ardú.

Príomh Phointí Foghlama agus Forbairtí sa Todhchaí

De na seirbhísí a tugadh cuairt orthu sa tSualainn, bhí an fócas ar riachtanais dhaoine óga seachas dreacadh cruinne idir na bealaí isteach i gcúram is é sin an leas agus idirdhealú cearta. Chomh maith le sin bhí meascán ionadaíocht slán agus neamh-slán laistigh do na haiseanna, áit a raibh sé riachtanach go mbeadh an duine óg coimeáda ar feadh tréimhse an géarchéim, seachas é a bhogadh go dtí aonad eile. Bhí béim mór ar thaighde agus thorthaí, le hanailís staitistiúil a bhí in ann déanamh le cabhair an bunachar sonraí a bhí chomhtháite trasna na seirbhísí ar fad. Mar chuid den fhoghlaim atá le déanamh againn tá an SRSB i ngleic leis an SIS ag eagrú clár malartaithe go dtí an tSualainn le haghaidh lucht oibre os na haonaid. Rachaidh an clár píolóta seo ar aghaidh le linn 2005, agus tá sé beartaithe go mbeidh sé mar fhoinsé foghlama agus forbartha gan luach ins an dá tír.

6.4 Misean go dtí na Stáit Aontaithe.

I Samhain 2004, thug foireann an Bhoird cuairt taighde ar Girls and Boystown (Omaha agus Orlando), aitheanta níos mó mar Boystown. Is é an cúlra atá ag Boystown ná gur bhunaigh an tAthair Flanagan é in Omaha, Nebraska i 1927. Ba as Béal Átha Mó, Co. Ros Comáin dó ó dhúchais. Is eagraíocht náisiúnta gan-bhrabús, gan seicteach é seo a fhaigheann maoiniú os na stáit chónaidhme agus infheistíochtaí fad-bhunaithe. Tá 12 láthar i SAM ag déileáil le níos mó na 35,000 duine óg

in aon bhliain amháin Tá príomh fhócas Boystown bunaithe timpeall ar shamhail atá bunaithe go maith agus tá cúig phríomh eilimint ar an teoiric iompar mar seo a leanas:

- Scileanna múinte;
- Caidrimh sláintiúla a thógáil;
- Forbairt morálta agus spioradálta a thacú;
- Timpeallacht de stíl teaghlaigh a chruthú;
- Féin-rialú agus féin-diongbháilteacht a chur chun cinn.

Is é ceann de na príomh thréithe den chóras spreagtha do na daoine óga ná struchtúr, ar dtús leis an gclann agus fachtóirí seasmhach doiciméadú, measúnacht agus éachtaí go ginearálta. Is é Omaha an campas Boystown is mó sna Stáit Aontaithe, tá sé déanta suas de 69 aonad teaghlaigh agus córas de sheirbhísí atá ann chun bualadh le riachtanais an duine óg úd. San áireamh ar na tithe agus na scoileanna seo tá:

- Tithe ar stíl teaghlaigh;
- Tithe grúpa teiripeacha;
- Ionad cóireála cónaithe;
- Tithe grúpa cóireála speisialta;
- Tithe sos agus measúnaithe.

Tá fócas ar leanúnachas cúraim agus cruthaíonn na torthaí gur buaicphointe do na daoine óga é seo chun dul thar n-ais isteach sa phobal le meon dearfach agus muinín.

6.5 Líonra Bhord na Seirbhísí Cónaithe Speisialta

Bunaíodh an Líonra SRSB in Iúil 2002 mar fhóram cleachtaidh do dhaoine aonair ag obair le ciontóirí óga agus neamhchiontóirí le hiompar dúslánach. Glacann ionadaithe ó gach aonad slán páirt san fhóram. Ba é an phríomh chúis leis an líonra ná straitéis foghlama don earnáil cúraim leanaí cónaithe a thabharfadh san áireamh riachtanais na foirne oibre agus na leanaí araon. Ritheadh léirmheas seimineáir agus ceardlanna

ón tosach agus scrúdaigh sé mórán ceisteanna atá os comhair daoine ag obair san achar seo.

6.6 Comhlacht Caidreamh Poiblí a Earcú

le linn 2004, d'fhostaigh an SRSB seirbhísí Montague Communications chun tacaíocht caidreamh poiblí a thabhairt don Bhord. Le comhoibriú leis an bhFeidhmeannach agus cloí leis na feidhmeanna laistigh d'Acht na Leanaí, 2001, cuireadh plean cumarsáide sealadach le chéile tar éis na príomh geallsealbhóirí a iniúchadh.

6.7 Gnóthlacht Dlí a Earcú

Le linn 2004, d'fhostaigh an SRSB Lavelle Coleman Solicitors, mar chomhairleoirí dleathach don Bhord.

6.8 Láithriú déanta ag Comhdhálacha agus Seimineáir

- Aonad Tacaíochta Rath na nÓg, Muineachán ar "Where lies our Responsibility".
- Comhdháil Bhliantúil Chumann na Bainisteoirí Cónaithe, Port Laoise ar "Evolving models of Reflective Practice in Social Care Management".
- Comhdháil Barnardos, Cill Mhantáin ar ról Idirghníomhaireachta.
- International Conference on Restorative Justice ag Ottawa, Ceanada.

6.9 Príomh Chomhdhálacha ar a Freastalaíodh

- 7ú Comhdháil Bliantúil ag an Irish Association for the Study of Delinquency, sa Chabhán ar "Positive Interventions and Effective Use of Sanctions for Offenders".
- Conference on Juvenile Justice, Cardiff [Comhdháil débhlíantúil le cleachtóirí ó Phoblacht na hÉireann, Thuaisceart Éireann, Shasana, Albain agus ón mBreatain Bheag].

7. Ráiteas Airgeadais

Foráil do bhuiséad Bhord na Seirbhísí Cónaithe Speisialta déanta laistigh den bhuiséad atá tugtha don Roinn Sláinte agus Leanaí. Tugadh 200,000 don Bhord i gcóir Samhain agus Nollaig 2003 agus 1.979m do 2004. Déanann fochoiste den Bhord monatóireacht ar ghníomhaíochtaí airgeadais agus acmhainní daonna an Bhoird. Déanann an Fochoiste seo athbhreithniú ar chuntais airgeadais an Bhoird roimh gach cruinniú den Bhord. Bunófar coiste iniúchta ar leith le linn 2005.

Faoi a. 241 (2) (a) d'Acht na Leanaí 2001 tá sé de dhualgas ar Bhord na Seirbhísí Cónaithe Speisialta cuntais a chur faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste go bliantúil. In Iúil 2004, scrúdaigh an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste na cuntais don tréimhse

ó Shamhain go Nollaig 2003 agus i bhFeabhra 2005 don bhliain dar críoch 31ú Nollaig 2004. Críochnaíodh an tuarascáil ar chuntais 2003 i Meán Fómhair 2004 agus críochnaíodh an tuarascáil ar chuntais 2004 go luath i Meitheamh 2005. Dúirt tuarascálacha an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, ina thuairim "go raibh leabhair chuntais chearta coimeáda ag an mBord agus go léiríonn na ráitis airgeadais, atá i gcomhaontú leo, dearcadh fíor agus cothrom de staid ghnó an Bhoird ar 31 Nollaig 2003 agus 31 Nollaig 2004 agus a chuntais ioncaim agus caiteachais do na tréimhsí a chríochnaigh ar na dátaí sin".

Chairperson's Statement on Internal Financial Control

The Board is responsible for The Special Residential Services Board's systems of Internal Control. Such systems can only provide reasonable and not absolute assurance against material misstatement or loss.

Management are responsible for the identification and evaluation of significant risks applicable to their areas of business and for the design and operation of suitable internal controls. These risks are assessed on a continual basis and may be associated with a variety of internal or external sources including control breakdowns, disruption in information systems, natural catastrophe and regulatory requirements. Where weaknesses in the system are discovered, improvements are implemented.

The Chief Executive reports to the Board on significant changes in the work of The Special Residential Services Board and on the external environment which affects significant risk. The Manager of Corporate Affairs, Policy & Research provides the Board with monthly financial information, incorporating budget variance analysis which is carefully monitored to ensure control over budget targets.

An appropriate control framework is in place with clearly defined matters which are reserved for Board approval only or, as delegated by the Board, for appropriate approval of the Chief Executive. The Board has delegated the day to day management of the budgets and established appropriate limits for expenditure authorisation to the Chief Executive who is responsible for implementation of internal controls, including internal financial control.


The Board did not carry out a formal review of internal controls in 2004. But it is the intention that the Board will formally carry out this function in 2005.

The Board intends to establish a procedure to identify and evaluate business risks and expects to implement this procedure as soon as possible.

Signed :

Chair:

Date:


26/5/05

8. Foireann Fheidhmiúcháin

Ta feabhas tagtha ar líon na n-oibrithe atá ceadaithe go dtí iomlán de 22 ball foirne, cé go bhfuil uasmhéid earcaíochta de 12 don tréimhse ó Shamhain go Nollaig 2003 agus déanta suas mar seo a leanas:

Príomhfheidhmeannach;

Leas Príomhfheidhmeannach (chomh maith le Bainisteoir na Seirbhísí Cúirte);

Bainisteoir ar Ghnóthaí Corparáideacha,(chomh maith le Polasaí agus Taighde);

Seisear Oifigeach Cúirte;

Beirt Oifigeach Cáis;

Cúntóir Pearsanta Amháin chuig an bPríomhfheidhmeannach agus an mBord.

Beartaíodh ar dtús ar gráid a earcú ag na leibhéal seo i dtreo is go bhféadfadh an Bord a dhualgais a chomhlíonadh de réir Achta na Leanaí 2001, chun comhoibriú leis na cúirteanna agus comhairle a thabhairt ar iarratais.

24



Ruairí Ó Cillín
Príomh Fheidhmeannach



Fionnbarra Ó Laoire
Leas Phríomh Fheidhmeannach/
Bainisteoir Seirbhísí Cúirte



Sinéad de Creag
Bainisteoir Gnóthaí
Corparáideacha,
Beartais agus Taighde



Róise Nic Suibhne
Oifigeach Cúirte



Seamus Mac Cuirc
Oifigeach Cúirte



Nicola Ní Chearra
Oifigeach Cúirte



Deborah Ní
Mhaoilmheana
Oifigeach Cúirte



Olwyn Ní Bhiataigh
Cás-Oifigeach



Ciarán Ó Searcaigh
Cás-Oifigeach



Gráinne Nic Ghiolla
Oifigeach Cúirte



Bronagh Ní Ghib
Oifigeach Cúirte



Clóda Ní Toráin
Cúntóir Pearsanta don
Phríomh Fheidhmeannach
agus Rúnaí don Bhoird

An Bord Seirbhísí Cónaithe Speisialta
Special Residential Services Board

Teach An Fionnuisce,
28 Bóthar Uí Chuinneagáin,
Baile Átha Cliath 8.

Teil: 01 672 4100
Facs: 01 677 4892
R-phost: info@srsb.ie
Idirlíon: www.srsb.ie